| Cur Síos Gairid | Nascmhodúil, Meitheal Forbartha — Cruinniú 10, an 29 Aibreán 2025 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **An Nuacht is Déanaí** | Chuir an Feidhmeannas figiúirí nuashonruithe ar fáil maidir le rannpháirtíocht leis na modhanna éagsúla comhairliúcháin. Aithníodh an méadú ar rannpháirtíocht mar rud dearfach. Chuir beirt bhall den Mheitheal Forbartha a míshástacht in iúl maidir leis an bpróiseas a bhaineann le sonraí loma comhairliúcháin a roinnt le baill na Meithle Forbartha. Luaigh an Feidhmeannas go ndéanfadh sé an t-aiseolas ar fad ón gcomhairliúcháin a bhailiú, a anailísiú agus a thuairisciú do bhaill na Meithle Forbartha le plé a dhéanamh air, de réir an phróisis comhaontaithe ag an gComhairle. Beidh aighneachtaí scríofa ar fáil ar ncca.ie leo siúd a d'aontaigh go mbeadh a n-aighneacht foilsithe |
| **Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: snáitheanna staidéir** | Réimsí laistigh de na snáitheanna staidéir le cur in eagar nó a bhfuil athshúil le tabhairt orthu:<br>• Athchóiriú a dhéanamh ar thacar scileanna go tacar scileanna inaistrithe.<br>• Tascanna foghlama feidhmí a chur in eagar chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an bhfoghlaim níos leithne laistigh de gach snáithe agus chun deiseanna níos mó a chothú le hathbhreithniú agus beachtú a dhéanamh orthu thar an dá bhliain staidéir.<br>• Athchóiriú ar thorthaí foghlama le deiseanna a chur ar fáil don scoláire le hiniúchadh a dhéanamh ar na gnéithe dearfacha de phobail agus le machnamh a dhéanamh ar rannpháirtíocht níos leithne leis an áit oibre.<br>• Cuirfidh punann dhigiteach deiseanna ar fáil don scoláire scileanna digiteacha a fhorbairt. |
| **Aiseolas a ghlacadh isteach sa dréachtsonraíocht: measúnú agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis** | I ndiaidh léargas ginearálta a thabhairt ar an aiseolas ón gcomhairliúchán ar an gComhpháirt Measúnaithe sa Bhreis, pléadh:<br>• Athainmniú a dhéanamh ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chun léiriú níos fearr a thabhairt ar ról na punainne sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis.<br>• Ba cheart don treoir agus don uainiú a bhaineann léi, tacú leis an scoláire le hobair a phunainne a chur i láthair agus ní mór di a bheith suntasach i gcomhair 60%. Ba cheart go mbeidh an bhéim ar phróiseas forbartha na punainne seachas an toradh. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh go dtí seo agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Déanfaidh an Feidhmeannas an dréachtsonraíocht a nuashonrú chun gach plé le haghaidh tuilleadh oibre a léiriú ag an gcéad chruinniú eile (a bheidh ar an gcruinniú deiridh) ar an 20 Bealtaine. |